



Is Fostóir Comhdheiseanna é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

**Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí**

Comórtas oscailte ceapacháin do ról mar

**Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ag leibhéal Ardoifigh Feidhmiúcháin**

**i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: 3:00pm, 29 Meán Fómhair 2023

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Teagmháil: Aonad Acmhainní Daonna

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

4 SRÁID CHILL DARA,

BAILE ÁTHA CLIATH 2.

Teileafón: (353) 1 6030200 - URL: [www.nli.ie/vacancies](http://www.nli.ie/vacancies)

## CÚLRA

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh NLI in 1877 agus ar an 3 Bealtaine 2005 rinneadh institiúid neamhspleách cultúir di faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, le Bord agus Stiúrthóir a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Is é atá ar an mBord ná cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, a thuiriscíonn don Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Tá timpeall 110 ball foirne fostaithe sa Leabharlann a bhíonn ag obair i dtreo cúig thosaíocht a bhaint amach faoin straitéis reatha atá againn, is iad sin an bailiú, an chosaint, an nochtadh, an rannpháirteachas agus an nuáil.

Baintear leas as bailiúcháin uathúla NLI le scéal na hÉireann a roinnt leis an domhan mór. Tá breis agus deich milliún mír faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, ábhair ghearrshaolacha, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá láithreacha na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, ar oscailt agus saor in aisce dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh – i seomraí léitheoireachta ar díol spéise iontu féin iad do chuariteoirí, trí thaispeántais luachmhara éagsúla, agus trí chlár poiblí gníomhach. Tá eolas breise ar fáil ag [www.nli.ie](http://www.nli.ie).

## AN RÓL

Tá NLI tiomanta d'áit shábháilte oibre, trealamh sábháilte agus córais shábháilte oibre a chur ar fáil. Ag obair mar chuid d'fhoireann Eastát NLI, ag tuairisciú do Cheann na nEastát, is post speisialtóra san NLI é ról an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta. Beidh an t-eolas agus an taithí speisialaithe ag an iarrthóir rathúil i gcúrsaí sláinte agus sábháilteachta is gá chun sláinte, sábháilteacht agus leas gach duine a fhostaíonn NLI agus gach duine a thugann cuairt ar NLI a chinntiú.

Agus é freagrach as bainistiú sábháilteachta i NLI, is é ról an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta timpistí, gortuithe agus tinnis a bhaineann leis an obair san ionad oibre a chosc agus a chinntiú go gcloíonn NLI le gach rialachán sláinte agus sábháilteachta is infheidhme agus leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

Cuirfidh an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta cultúr dearfach sláinte agus sábháilteachta chun cinn ar fud na heagraíochta agus cabhróidh sé leis an mbainistíocht cur i bhfeidhm éifeachtach na sláinte agus na sábháilteachta a sheachadadh. Beidh an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta freagrach freisin as Pleanáil Tubaiste i Roinn na nEastát, ag cur bainistíocht riosca agus pleanáil do dhaoine agus do bhailiúcháin le chéile. Comhordú a dhéanamh ar ullmhúchán nósanna imeachta éigeandála d'Fhoirgnimh NLI.

Cuirfidh an tOifigeach Sláinte agus Sábháilteachta comhairle ar Cheann na nEastát maidir le straitéisí chun sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú san eagraíocht agus cinnteoidh sé go gcuirfear bainisteoirí sinsearacha (Foireann Ceannaireachta) sa NLI ar an eolas faoi athruithe ar an reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus ar na gníomhartha a theastaíonn chun comhlíonadh a chinntiú.

## Painéal

Féadtar painéal a chruthú ón gcomórtas seo óna líonfar folúntais bhreise, idir lánaimseartha agus bhuna, má thagann siad aníos.

## DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ

### Sábháilteacht agus Sláinte

- Ráiteas Sábháilteachta: Ráiteas Sábháilteachta a athbhreithniú agus a nuashonrú go bliantúil agus doiciméid S&S eile de réir mar is gá/le haghaidh dáta athbhreithnithe;
- Measúnuithe Riosca (de réir foirgnimh/gníomhaíochta): Athbhreithniú agus nuashonrú de réir mar is gá;
- Measúnuithe Riosca: Measúnuithe Riosca Breise a dhéanamh de réir mar is gá, e.g. Measúnú riosca d'fhostaí torrach; DSE / Measúnú Riosca Eirgeanamaíochta ar ionad oibre na foirne ar iarratas chun a chinneadh an bhfuil aon tacaíocht nó trealamh breise ag teastáil;
- An Coiste Sláinte agus Sábháilteachta: Feidhmiú mar rúnaí don choiste agus na miontuairiscí a ghlacadh, cruinnithe a eagrú, ballraíocht rothlach (gnáth-théarma 3 bliana don fhoireann);
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA): Timpistí a thuairisciú do HSA de réir mar is cuí;
- Deasc Chabhrach Sláinte agus Sábháilteachta NLI: Arna oibriú ag Oifigeach S&S, a dhéanfaidh obair leantach ar shaincheisteanna a d'ardaigh an fhoireann tríd an deasc chabhrach seo;
- Seiceáil go bhfuil Seomra Folláine NLI á choinneáil agus á ghlacadh;
- Taifead a choinneáil ar theagmhais agus timpistí tuairiscithe go digiteach ar feadh na tréimhse riachtanacha, le rochtain shrianta rialaithe;
- Tuairisciú timpistí a chomhordú;
- Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta a eagrú;
- Trealamh Sláinte agus Sábháilteachta a sheiceáil, a chothabháil agus a dheimhniú, nuair is cuí, amhail: Ábhar an Bhosca Garchabhrach; dífhibrileoir lena n-áirítear a gcuid ceap agus cadhnraí; Cathaoireacha Aslonnaithe; Lúba Éisteachta; seiceáil céimeanna soghluaiste agus dréimírí;
- Trealamh sláinte agus sábháilteachta agus earraí inchaite a ordú;
- Comhordú leis an mBainisteoir Saoráidí/ Foirgneamh faoi shuiteálacha sábháilteachta saoil;
- Comhordú a dhéanamh le hAonad Acmhainní Daonna NLI, oiliúint ionduchtúcháin sláinte agus sábháilteachta a ullmhú agus a chur i gcrích do bhaill foirne nua, agus d'oibríthe oifige ar conradh;
- Monatóireacht a dhéanamh ar dhoiciméadú sábháilteachta ó chonraitheoirí agus ó chuideachtaí cothabhála
- Oiliúint athnuachana a thabhairt isteach don fhoireann atá ann cheana féin;
- Leathanaigh sláinte agus sábháilteachta Inlíon NLI a chothabháil.

### Bainistíocht Riosca

- An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát: Gach timpiste a thuairiscítear a thuairisciú don Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát;

### Beartais agus Nósanna Imeachta a Nuashonrú

Lena n-áirítear:

- Ráiteas Sábháilteachta;
- Pleanáil Éigeandála;
- Níosanna Imeachta Aslonnaithe d'Fhoirgnimh uile NLI, lena n-áirítear Druileanna Dóiteáin a chomhordú leis an mBainisteoir Foirgneamh agus Slándála; tuarascáil druil dóiteáin a ullmhú agus obair leantach a dhéanamh ar aon saincheisteanna;
- Beartais nua a ullmhú chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua amhail straitéisí freagartha paidéime.

### Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta don fhoireann lena n-áirítear:

- Freagróir Garchabhrach (gach 2 bhliain);
- Céad Fhreagróir Cairdiach/Dífhibrileoir (gach 2 bhliain);

- Oiliúint ar láimhsiú sábháilte (an fhoireann ar fad gach 2 bhliain);
- Oiliúint Mheasúnaithe ar an Meastóireacht ar an Scáileán Digiteach (DSE) (gach 2 bhliain);
- Measúnú Riosca ar Obair Bhaile (d'fhoireann oibre chumaisc);
- Oiliúint ar an gCathaoir Aslonnaithe (gach 2 bhliain);
- Oiliúint um Maor Dóiteáin (gach 2 bhliain).

#### **Bainistíocht Taifead**

- Taifead a choinneáil ar thimpistí agus ar theagmhais/neastimpistí a tuairiscíodh;
- Taifid a choinneáil ar an oiliúint sláinte agus sábháilteachta ar fad.

#### **Ginearálta**

- Liostaí na gClár Dóiteáin d'fhoirgnimh NLI a chomhordú leis an bhfoireann ábhartha;
- Bainistiú a dhéanamh ar bhailiú ceallraí dramhaíola WEE;
- Plean Gníomhaíochta d'Imeachtaí Éigeandála a fhorbairt agus a chothabháil;
- Feidhmiú mar Oifigeach AIE Rochtain ar fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE).

#### **Pleanáil Tubaiste agus Leanúnachas Gnó**

- Forbairt agus cothabháil ar an doiciméadú um Pleanáil Tubaiste agus Leanúnachas Ghnó a bhainistiú;
- Straitéisí eiseamláireacha taighde ó phiareagraíochtaí agus ó chumainn;
- Comhordú a dhéanamh, leis an bhfoireann ábhartha i rannóga eile, ar phleananna gníomhaíochta agus ar nósanna imeachta práinnfhreagartha;
- Oiliúint foirne a eagrú agus faisnéisiú a dhéanamh ar nósanna imeachta um Pleanáil Tubaiste agus Leanúnachas Ghnó.

Níl sa mhéid thuas ach treoir ghinearálta maidir leis an ról agus ní cur síos uileghabhálach é ar na dualgais a bhainfidh leis an ról ná ar na tascanna a d'fhéadfaí a leagan ar ról an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta ag leibhéal AOF.

## **SONRÁÍOCHT PHEARSANTA**

### **Bunriachtanais**

- Cáilíocht QQI leibhéal 8 ar a laghad i Sláinte agus Sábháilteacht nó disciplín a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht, atá creidiúnaithe do Bhallraíocht Iarchéime san Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde (IOSH)

Agus

- Taithí 3 bliana ar a laghad i ndiaidh na cáilíochta i ról den chineál céanna

### **Inmhianaithe:**

- Ballraíocht san Institiúid um Shábháilteacht agus Sláinte Ceirde (IOSH)

**Déantar cur síos in Aguisín 1 ar na hInniúlachtaí agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta a bhaineann le ról an Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta in NLI**

## **INCHÁILITHEACTH CHUN DUL SAN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR INCHÁILITHEACTH**

**Is gá d'iarthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:**

- a) Bheith ina saoránach nó ina shaoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Is iad na tíortha atá sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- b) Saoránaigh na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- c) Duine nach saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é nó í ach ar céile nó leanbh saoránaigh an LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- d) A bheith ina dhuine nó ina duine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta air nó uirthi faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát de thoradh athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
- e) A bheith ina dhuine nó ina duine nach saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch é nó í ach ar tuismitheoir nó leanbh cleithiúnach saoránaigh de chuid bhallstát LEE nó na hEilvéise é nó í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.

Nóta maidir le saoránaigh an RA: Tá an Comhaontú Comhlimistéar Taistil fadbhunaithe idir an Ríocht Aontaithe agus Éire gan athrú tar éis an Bhreathimeachta. Dá réir sin, tá saoránaigh na Ríochta Aontaithe incháilithe chun obair agus cónaí in Éirinn gan srian agus, dá bharr sin, iarratas a dhéanamh chun dul san iomaíocht don chomórtas seo i gcás ina gcomhlíonann siad na critéir cáilitheacha eile go léir. Tá tuilleadh eolais maidir leis an gComhlimistéar Taistil ar fáil [anseo](#).

**Le bheith incháilithe ní mór d'iarthóirí ceann amháin de na critéir shaoránachta thuas a shásamh roimh dháta tairisceana na hoibre.**

### **An Scéim Dreasachtaí Luathscoir (ISER)**

Is coinníoll den Scéim Dreasachtaí Luathscoir, mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais, go bhfuil toirmeasc ar dhaoine a théann ar scor faoin scéim sin cur isteach ar phost eile san fhostaíocht nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin ní ceadmhach do dhaoine den sórt sin cur isteach ar an bpost seo.

### **Imlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí**

Le hImlitir 7/2010 ón Roinn Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh isteach an Scéim Luathscoir Spriocdhírthe agus an Scéim Iomarcaíochta Deonaí. Is coinníoll é den Scéim Shonraithe um Luathscoir Deonach nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe chun athfhostaíochta san earnáil phoiblí sláinte, ná san earnáil phoiblí i gcoitinne, ná in aon chomhlacht atá maoinithe i bpáirt nó ina iomláine ag an Stáitchiste. Beidh feidhm ag an toirmeasc céanna orthu siúd a bhaineann leas as an Scéim Iomarcaíochta Deonaí, ach amháin nach mairfidh an toirmeasc ach ar feadh 7 mbliana agus go gcaithfear cead a fháil ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina dhiaidh sin le filleadh ar aon fhostaíocht. Daoine a bhain leas as ceachtar den dá scéim sin, ní bheidh siad incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo.

### **Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí**

Le litir dar dáta an 28 Meitheamh 2012 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuig Oifigigh Phearsanra tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, a comhaontaíodh idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Phoiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le híocaíochtaí iomarcaíochta ex-gratia le fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é, maidir le daoine a bhaineann leas as an

gcomhaontú, nach mbeidh siad incháilithe le haghaidh athfhostaíochta sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (arna shainiú ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó chríoch na fostaíochta. Mar sin teastóidh toil an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimh athfhostaíocht a dhéanamh. Daoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo, beidh orthu a chruthú go bhfuil siad incháilithe (.i. go bhfuil an tréimhse neamh-incháilitheachta thart) agus cead a fháil ón Aire sula bhféadfadh aon chomhlacht seirbhíse poiblí iad a fhostú.

### **Dearbhú**

Éileofar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas roimhe seo as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na seirbhíse poiblí agus/nó as an gcomhaontú comhchoiteann thuasluaite. Éileofar ar iarratasóirí chomh maith aon teidlíocht chun sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á íoc nó coinnithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí a dhearbhú agus/nó cá háit a bhfuair siad íocaíocht in ionad i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

### **NA PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE**

**TUARASTAL:** Is mar seo a leanas atá an scála pá a bhaineann leis an bpost seo (rátaí i bhfeidhm ón 01 Márta 2023):

#### **Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin (RPP)**

Beidh feidhm ag an scála pá RPP sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin a ceapadh ar an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a n-éilítear air nó uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh sé i bhfeidhm freisin i gcás buanfhostaithe nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€53,955 €55,532 €57,106 €58,680 €60,259 €61,831 €63,407 €65,682<sup>1</sup> €67,951<sup>2</sup>

*\*Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

*\*Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

#### **Ranníocaíocht Neamhphearsanta Pinsin (RNPP)**

Is é seo a leanas an tuarastal RNPP (Ranníocaíocht Neamhphearsanta Phinsin) a bhaineann leis an bpost, agus tá feidhm aige sa chás go bhfuil an ceapaí ina státseirbhíseach nó ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí a ceapadh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach n-éilítear air nó uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Phinsin a dhéanamh.

€51,387 €52,871 €54,351 €55,844 €57,399 €58,844 €60,340 €62,492<sup>1</sup> €64,651<sup>2</sup>

*\*Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

*\*\*Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála.*

## **Nóta Tábhachtach**

Tiocfaidh an ceapaí isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfadh go n-athrófaí an ráta ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Má táthar sásta le feidhmíocht an fhostaí, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir an Bheartais Rialtais reatha. (Féach leat Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020 alt 5.1 le haghaidh na n-athruithe is déanaí).

D'fhéadfadh go mbeadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla i gceist más rud é, díreach roimh an gceapachán, gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú atá ag fónamh faoi láthair.

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go coicisiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad Acmhainní Daonna.

Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Déanfaidh tú comhaontú go bhféadfaidh sé go n-asbhainfear ó íocaíochtaí tuarastail dlite duit amach anseo, de réir an Achta um Íoc Pá, 1991, aon ró-íocaíochtaí tuarastail nó taistil agus cothaithe. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint do na himthosca uile.

## **Tionacht**

Ceapfar an t-iarrthóir rathúil i bpost buan, faoi réir conradh promhaidh 12 mhí a chur i gcrích go rathúil.

Déanfar ceapachán chun post i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar chríochnú an chonartha promhaidh go rathúil. Ní choisceann sé seo síneadh ar an tréimhse phromhaidh sna cúinsí cuí. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí lena mheas:

- (i) ar fheidhmigh sé nó sí go sásúil
- (ii) an raibh a (h)iompar ginearálta sásúil
- (iii) an oireann sé nó sí ó thaobh na sláinte de, go háirithe i dtaca le saoire bhreiteachta.

## **Fostaíocht Sheachtrach**

Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith aige nó aici le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a c(h)uid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá f(h)eidhmíocht nó a chuirfeadh a m(h)acántacht i mbaol.

## **An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 leis an bhfostaíocht, nuair is iomchuí, ar an bpost seo.

## **Suíomh**

Beidh an t-iarrthóir a n-éiríonn leis/léi lonnaithe i dtosach ag Ionad Cultúrtha agus Oidhreachtá Bhanc na hÉireann, atá ar Shráid Westmoreland, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2, ach d'fhéadfadh sé/sí a bheith lonnaithe in aon cheann d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

### **Uaireanta Freastail**

Socrófar na huaireanta freastail ó am go ham ach ní bheidh níos lú ná 41.25 uair an chloig (35 glanuair oibre) in aghaidh na seachtaine i gceist leo.

### **Saoire Bhliantúil**

Beidh 29 lá oibre sa bhliain mar liúntas saoire bliantúla, ag ardú go 30 lá oibre tar éis 5 bliana seirbhíse. Beidh an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le ceadú saoirí bliantúla, agus é bunaithe ar sheachtain cúig lá gan na gnáthlaethanta saoire poiblí a áireamh.

### **Cúrsaí Sláinte**

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas aige nó aici seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

### **Saoire Bhreiteachta**

I rith asláithreachta bhreiteachta íocfar an ceapaí ar bhonn pro rata de réir fhorálacha na n-implitreacha a bhaineann le saoire bhreiteachta sa tseirbhís phoiblí, ar chuntar go mbeidh an asláithreacht sin teistithe go cuí agus nach mbeidh aon fhianaise ar bhuan-mhíchumas ann.

Iarrfar ar oifigh a bheidh ag íoc ÁSPC ag ráta Aicme A a lámh a chur le mandáit a thabharfadh údarás don Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí aon sochar dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Le híocaíochtaí a fháil le linn breiteachta, éileofar ar an oifigeach gach éileamh ar árachas sóisialta is gá a chur isteach chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorannacha ama.

### **Aoisliúntas agus Scor**

Cuirfear ar fáil don iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi na téarmaí agus coinníollacha cuí aoisliúntais a bheidh i réim i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth a dtairgfear an ceapachán dó nó di. Ach amháin i gcás iarrthóirí a d'oibrigh i bpost inphinsin (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) sa tseirbhís phoiblí le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán (féach alt d anseo thíos), ciallaíonn sé seo go dtairgfear an ceapachán ar bhonn ballraíochta i Scéim Aonair Pinsean na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair").

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

#### **a. Aois Inphinsin**

Is é 66 bliain d'aois (le hardú go 67 agus 68) an aois íosta a thiocfaidh an pinsean chun a bheith iníoctha de réir athruithe ar aois an Phinsin Stáit.

#### **b. Aois Scoir**

Ní mór do bhaill den scéim dul ar scor nuair a bheidh siad 70 bliain d'aois.

#### **c. Laghdú Pinsin**

Má bhí an ceapaí fosaithe sa Státseirbhís roimh ré agus go bhfuil sé nó sí ag fáil pinsin ón Státseirbhís, beidh feidhm ag na gnáthrialacha laghdaithe. Sa chás go raibh an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís cheana agus pinsean bronnta air/uirthi mar chuid de shocruithe luathscoir dheonaigh (ach amháin daoine a ghlac páirt sa Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) nó faoi Chiorclán 7/2010 VER/VRS



de chuid na Roinne Sláinte, nach bhfuil incháilithe chun dul san iomaíocht sa chomórtas seo mar atá leagtha amach thuas), cuirfear deireadh leis an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheapacháin. Déanfar socruithe speisialta, áfach, chun seirbhís roimhe an duine ceaptha a mheas chun críche aon aoisliúntais a d'fhéadfadh a mbeadh an duine ceaptha incháilithe dó amach anseo. Má bhí an duine ceaptha fostaithe sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí roimhe, tabhair faoi deara go ndéantar foráil san Acht um Pinsin Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 do lacáiste pinsin d'fhostaithe sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a dhéantar a athfhostú sa chás go bhfuil pinsean seirbhíse poiblí in íocaíocht. An fhoráil sin leis an laghdú a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse poiblí, tháinig sí in éifeacht an 1 Samhain 2012. **D'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí ag an bhforáil sin ar pinsean duine a cheapfaí sa phost seo atá ag fáil pinsean Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí faoi láthair nó atá i seilbh pinsean caomhnaithe Státseirbhíse nó Seirbhíse Poiblí a thiocfadh i ngníomh le linn dó nó di a bheith fostaithe sa phost seo.**

- **Imlitir 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí isteach. Is coinníoll é den Scéim Luathscoir, gan na cásanna a leagtar amach in Alt 10.2 agus 10.3 de dhoiciméid na himlitreach baintí a áireamh, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscoir faoi Snáithe 1, 2 nó 3 den scéim seo agus má thosaíonn sé i bhfostaíocht d'aon chineál agus in aon earnáil den tseirbhís phoiblí arís dá éis sin, cuirfear stop láithreach le híocaíochtaí pinsin leis an duine sin faoin scéim. Atosófar den pinsean a íoc, más ea, ar chríoch na fostaíochta sin nó ar 60ú breithlá an duine sin, cibé acu is déanaí, ach ar a atosú, bunófar an pinsean ar sheirbhís inríofa iarbhír an duine sin mar mhúinteoir (.i. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe seo san áireamh agus an íocaíocht phinsin á ríomh).

- **Scor de dheasca Drochshláinte**

Tabhair faoi deara, sa chás go ndeachaigh duine aonair ar scor ó chomhlacht sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí de dheasca drochshláinte, go bhféadfadh sé go ndéanfaí athbhreithniú ar a p(h)insean ón bhfostaíocht sin de réir na rialacha a bhaineann le scor de dheasca drochshláinte i scéim pinsin na fostaíochta sin.

#### **d. Iar-Státseirbhísigh**

Cé go mbaineann na gnáth-théarmaí pinsin atá leagtha amach thuas le ballraíocht sa Scéim Aonair, d'fhéadfadh sé nach mbeadh feidhm ag an scéim sin ar dhaoine áirithe. Tá na sonraí uile maidir leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu i dtaobh cibé acu an bhfuil fostaí sa tseirbhís phoiblí ina bhall den Scéim Aonair nó nach bhfuil le fáil san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Is é an príomhchás eisceachta atá ann (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), áfach, i gcás iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin sa tseirbhís phoiblí (téarmaí nach faoin scéim aonair iad) le linn na 26 seachtain roimh an gceapachán, nach n-éireodh sé/sí de bheith ina b(h)all den Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás seo, thabharfaí deis dá leithéid d'iarrthóir ballraíocht a ghlacadh sa scéim pinsin do státseirbhísigh neamhbhunaithe ("An Scéim Pinsin d'Fhostaithe Stáit Neamhbhunaithe"). Chiallódh sé seo go mbeadh feidhm ag na forálacha lacáiste faoi (c) thuas, agus go mbeadh iarmhairtí ann i leith fabhrú pinsin chomh maith, mar a leagtar amach anseo thíos:

## **e. Fabhrú Pinsin**

Ní fhéadtar níos mó ná 40 bliain seirbhíse a chur san áireamh le haghaidh pinsin sa chás go raibh an té ina b(h)all de bhreis is aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin. Tháinig an teorainn 40 bliain seo, a ndéantar foráil di san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, in éifeacht an 28 Iúil, 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith i gceist leis seo do dhuine ar bith a cheaptar agus a bhfuil cearta pinsin faighte aige/aici ó fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí roimhe seo.

## **f. Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**

Beidh an ceapachán seo faoi réir asbhaint a bhaineann le pinsean de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

Le tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair d'Fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí, féach an láithreán gréasáin seo a leanas: <https://singlepensionscheme.gov.ie>.

## **Sicréideacht, Rúndacht agus Caighdeán Iompair:**

### **Sicréideacht agus Ionracas Oifigiúil**

Le linn théarmaí an chonartha, beidh an t-oifigeach faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú ag na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Toileoidh an té a cheapfar nach nochtfaidh sé nó sí do thríú páirtithe aon eolas rúnda le linn nó tar éis na tréimhse fostaíochta.

### **Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse**

Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse.

### **Dea-Cháil**

Is gá go mbeadh dea-cháil ar iarrthóirí ar an bpost agus ar an té a cheapfar.

### **An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995**

Bainfidh an tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 leis an bhfostaíocht seo nuair is iomchuí.

### **Fógra tábhachtach:**

**Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile. Leagfar iad sin amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.**

## **PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS**

### **Cén Chaoi Iarratas a Dhéanamh**

Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae a sheoladh isteach, in éineacht litir spéise agus ainmneacha agus sonraí teagmhála beirt mholtóirí san áireamh ann. Ba chóir iad seo a sheoladh tríd an ríomhphost chuig: [careers@nli.ie](mailto:careers@nli.ie)

## **Tabhair do d'aire gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.**

Déanfar gearrliostú ar iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina ngairm bheatha.

Coinníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an ceart acu féin na fiosruithe uile a mheasann siad a bheith riachtanach a dhéanamh maidir leis an iarrthóir sula dtairgfear post dóibh.

Is iad na hiarrthóirí atá freagrach as a bheith ar fáil le haghaidh agallaimh ag an am agus ar an dáta sannta.

### **Dáta deiridh**

Ní ghlacfar le hiarratais i ndiaidh 3:00i.n. 29 Meán Fómhair 2023. **Cloífead go docht daingean leis an dáta deiridh sin.**

### **Modhanna Roghnúcháin**

D'fhéadfadh go n-áireofaí ar na modhanna sin:

- gearrliostú iarrthóirí ar bhonn an eolais atá ina n-iarratais
- agallamh iomaíoch
- cur i láthair nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí

### **Gearrliostú**

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus todhchaí don phost a líonadh. D'fhéadfadh go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilitheachta a bhaineann leis an bpost, ach in ainneoin sin, más amhlaidh atá líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine acu, d'fhéadfadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. I dtaca leis seo, déanann an Leabharlann Náisiúnta soláthar le haghaidh próiseas gearrliostaithe a chur i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh, a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh sainbhord na foirmeacha iarratais a iniúchadh, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an ról, agus is iadsan a chinnefidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar thú a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann é a dhéanamh; is éard a chiallaíonn sé ná go bhfuil iarrthóirí áirithe ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a n-iarratais, go bhfuil cáilíochtaí níos oiriúnaí agus/nó taithe níos ábhartha acu. Is ar mhaithe leat féin é, mar sin, cur síos cruinn mionsonraithe a dhéanamh ar do cháilíochtaí/taithe ar an bhfoirm iarratais.

### **Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar**

Iarrthóirí nach gcuireann fianaise is ábhartha dá n-iarrthóireacht ar fáil nuair a iarrann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann orthu déanamh amhlaidh, cuirfear a n-iarratas as an áireamh.

### **Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i ndáil leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Déileálfar le hiarratais ar athbhreithniú de réir an doiciméid *“Cód Cleachtais: Ceapachán chun Post sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí”* atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Féadtar teacht ar an gCód ar [www.cpsa.ie](http://www.cpsa.ie).

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (curtha faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh le haghaidh athbhreithniú:-

- próiseas neamhfhoirmeálta le go mbainfí leas as taobh istigh de 5 lá oibre d'fhógra an chinnidh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó taobh istigh de 2 lá oibre de chinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmeálta: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre d'fhógra an chinnidh tosaigh, nó i gcás céim eatramhach, ní mór go bhfaighfí an t-iarratas ar athbhreithniú taobh istigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
- Féadann an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfadh eadránaí toradh an chinnidh athbhreithnithe tosaigh féin a athbhreithniú agus ba chóir iarratas chuige sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).  
Déantar plé in Alt 8 den Chód ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí shárú an Chóid Cleachtais.

### Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, beidh iarratais go huile is go hiomlán faoi rún. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988–2018.

Ginfead **TRÍ** chóip chrua ó gach iarratas a chuirfear isteach trí ríomhphost. Déarfar le hagallóirí gan tuairimí a scríobh ar na cóipeanna cruacha sin. Tar éis an phróisis agallaimh, coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna **AON CHÓIP AMHÁIN** agus scriosfar an **DÁ CHÓIP EILE** nuair a bheidh an comórtas curtha i gcrích. Coinníonn iarrthóirí na gnáthchearta rochtana ar fhaisnéis.

### Dualgais an Iarrthóra

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go ndícháileofar iad agus go gcoinneofar amach as an bpróiseas iad má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Ní cóir d'iarrthóirí aon cheann de na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- faisnéis bhréige a thabhairt ar láimh go feasach ná go meargánta;
- Stocaireacht a dhéanamh ar aon duine, cibé acu le mealltaí nó gan iad;
- cur isteach ar an bpróiseas nó teacht salach air ar aon bhealach.

### Sainchritéir Iarrthóra

Is gá d'iarrthóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- An t-eolas agus an cumas cuí a bheith acu le dualgais an phoist ábhartha a chur i bhfeidhm;
- A bheith oiriúnach don phost ar bhonn a gcarachtar;
- A bheith oiriúnach ar gach bealach eile le go gceapfaí sa phost ábhartha iad; agus má éiríonn leo, ní cheapfar sa phost iad mura ndéanfaidh siad na rudaí seo a leanas:
  - Toiliú le cur i bhfeidhm na ndualgas a bhaineann leis an bpost agus glacadh leis na coinníollacha faoina gcuirtear na dualgais i bhfeidhm nó faoina bhféadfadh go gcuirfí i bhfeidhm iad;
  - A bheith inniúil agus ar fáil go hiomlán chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chur i bhfeidhm, agus a bheith ábalta amhlaidh a dhéanamh.

## AGUISÍN 1

### Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta ag Leibhéal AOF – Príomhtháscairí Feidhmíochta

<b>Ceannasaíocht Foirne</b>	Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile leis an bhfoireann le hardfheidhmíocht a éascú ach spriocanna soiléire, réalaíocha a leagan amach agus dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta má éiríonn a leithéid aníos
	Cuirfidh sé nó sí eolas agus comhairle shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil sé nó sí ag súil leis ón bhfoireann
	Déanfaidh sé nó sí a s(h)eacht ndícheall bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm le cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach
	Tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht agus dea-shampla uaidh nó uaithi ach cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá
	Leagfaidh sé nó sí an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne agus le scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú.
	Beidh sé nó sí solúbtha, sásta dul in oiriúint do chásanna nua, agus glacfaidh páirt dhearfach in athruithe a chur i bhfeidhm
<b>Meastóireacht, Anailísiú agus Cinnteoireacht</b>	Baileoidh sé nó sí eolas ó fhoinsí ábhartha, amhail foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile, déanfaidh anailís uirthi agus measfaidh raon fachtóirí criticiúla
	Cuirfidh sé nó sí saincheistean leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus na himpleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige nó aici
	Cuirfidh an t-eolas agus an taithí atá ann cheana bonn eolais faoi na cinntí a dhéanfaidh sé nó sí
	Déanfaidh sé nó sí cinntí maithe a mbeidh bunús stuama, ciallmhar taobh thiar díobh agus seasfaidh le cinntí den sórt sin
	Cuirfidh sé nó sí réitigh chun cinn le dul i ngleic le fadhbanna
<b>Bainistíocht &amp; Torthaí a Bhaint Amach</b>	Glacfaidh sé nó sí le freagracht as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Éireoidh leis nó léi raon tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú ag an am céanna
	Déanfaidh sé nó sí a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach
	Glacfaidh sé nó sí le cur chuige loighciúil, pragmatach i leith na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil
	Dáilfidh sé nó sí obair ar dhaoine eile go héifeachtach agus cuirfidh eolas agus fianaise shoiléir ar fáil faoina bhfuil le déanamh
	Déanfaidh sé nó sí sainaitheint réamhghníomhach ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus molfaidh bealaí praiticiúla le déanamh amhlaidh
	Glacfaidh sé nó sí go fonnmhar le forbairtí/cleachtais oibre nua agus déanfaidh a s(h)eacht ndícheall iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach
	Cuirfidh sé nó sí córais/próisis chúí i bhfeidhm le cáilíocht gach gnímh agus aschuir a sheiceáil
	Leagfaidh sé nó sí béim láidir ar sheirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon

<b>Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide</b>	Cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidreamh le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile le cabhrú leis nó léi a ról a chomhlíonadh
	Feidhmeoidh sé nó sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
	Spreagfaidh sé nó sí plé oscailte, dearfach ar shaincheistanna a bhaineann leis an obair
	Beidh sé de mhisneach aige nó aici beart a dhéanamh de réir a c(h)uid tuairimí, éireoidh leis nó léi tacaíocht a fháil trí achoimre a dhéanamh ar eolas ábhartha agus na buntáistí a chur ina luí ar chách
	Caithfidh sé nó sí le daoine eile go stuama tuisceanach agus léireoidh cúirtéis agus meas dóibh, fiú i gcásanna deacra
	Cuirfidh sé nó sí eolas in iúl ar bhealach soiléir, beacht, agus muiníneach cibé ó bhéal nó i scríbhinn é
	Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile le comhghleacaithe agus tacóidh leo spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

<b>Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt</b>	Beidh tuiscint shoiléir aige nó aici ar ról, cuspóirí agus spriocanna an duine aonair agus na foirne ar fad agus ar an gcaoi a mbaineann siadsan le saothar an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta. Déanfaidh sé nó sí cumarsáid éifeachtach le daoine eile, leis
	Beidh ard-saineolas aige nó aici ar a réimse oibre féin, chomh maith le cur amach leathan ar an Earnáil Phoiblí
	Beidh sé nó sí dírithe ar fhéinfhorbairt agus déanfaidh gach uile iarracht a f(h)eidhmíocht a fheabhsú
<b>Dúthracht &amp; Tiomantas do Threoirphrionsabai I na Seirbhíse Poiblí</b>	Féachann le hardleibhéal feidhmíochta a ghnóthú, le hinfheistíocht fuinnimh mhóir chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Léiríonn sé nó sí athléimneacht i leith cúinsí dúshlánacha agus éileamh mór
	Féadfar brath air nó uirthi go pearsanta
	Cinnteach sé nó sí go dtugtar tús áite don chustaiméir i ngach uile sheirbhís a chuirtear ar fáil
	Beidh ardchaighdeán ionracais, eitice agus macántachta aige nó aici